17.4.2024 A9-0142/112

**Leasú 112**
**Luke Ming Flanagan**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0142/2024**
**Herbert Dorfmann**
Táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe foraoise
(COM(2023)0415 – C9-0237/2023 – 2023/0228(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 22a*** |
| | ***Airteagal 22a*** |
| | ***Toirmeasc ar ábhar atáirgthe sonraithe ag na Ballstáit*** |
| | ***1. Ar iarratas uaidh, féadfar Ballstát a údarú chun toirmeasc a chur ar ábhar atáirgthe foraoise sonraithe a mhargú don úsáideoir deiridh d'fhonn ábhar atáirgthe foraoise sonraithe a shíolú nó a phlandú ar a chríoch ar fad nó i gcuid di.*** |
| | ***2. Ní dheonófar an t-údarú sin ach amháin i gcás ina bhfuil cúis lena chreidiúint:*** |
| | ***(a) go mbeadh éifeacht dhíobhálach ag úsáid an ábhair atáirgthe sin, mar gheall ar a shaintréithe feinitíopacha nó géiniteacha, ar fhoraoiseacht, ar an gcomhshaol, ar acmhainní géiniteacha nó ar bhithéagsúlacht sa Bhallstát sin ar fad nó i gcuid de ar bhonn na nithe seo a leanas:*** |
| | ***— fianaise a bhaineann leis an réigiún bunáitíochta nó le tionscnamh an ábhair, nó*** |
| | ***— torthaí trialacha nó taighde eolaíochta a rinneadh in áiteanna iomchuí, laistigh den Chomhphobal nó lasmuigh de;*** |
| | ***(b) ar bhonn thorthaí aitheanta trialacha, taighde eolaíochta, nó ar bhonn na dtorthaí a fhaightear ó chleachtas*** |

***foraoiseachta maidir le marthanas agus forbairt stoic plandála i ndáil le saintréithe moirfeolaíocha agus fiseolaíocha a dhéanfadh úsáid an ábhair atáirgthe sin, mar gheall ar a shaintréithe, dochar don fhoraoiseacht, don chomhshaol, d'acmhainní géiniteacha nó don bhithéagsúlacht sa Bhallstát sin ar fad nó i gcuid de.***

***3. Déanfar rialacha mionsonraithe a tharraingt suas i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 27(3) chun mír 2 a chur i bhfeidhm.***

Or. en

17.4.2024 A9-0142/113

**Leasú 113**
**Luke Ming Flanagan**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0142/2024**
**Herbert Dorfmann**
Táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe foraoise
(COM(2023)0415 – C9-0237/2023 – 2023/0228(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – Cuid B – pointe 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Cáilíocht an adhmaid: Cuirfear cáilíocht an adhmaid san áireamh. Is critéar fíor-riachtanach é cáilíocht an adhmaid má úsáidtear an t-ábhar atáirgthe foraoise sa tionscal foraoiseachta chun adhmad, troscán nó laíon a tháirgeadh. ***Tabharfaidh an t-údarás inniúil aird níos mó ar an gcritéar sin sa chás sin.*** | 8. Foirm agus nós fáis adhmaid: Cuirfear cáilíocht an adhmaid san áireamh***, agus más ábhartha, d'fhéadfadh foirm nó nós fáis*** an adhmaid ***a bheith ina chritéar riachtanach***. |

Or. en

**Leasú 114**
**Luke Ming Flanagan**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0142/2024**
**Herbert Dorfmann**
Táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe foraoise
(COM(2023)0415 – C9-0237/2023 – 2023/0228(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – Cuid B – pointe 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Foirm nó nós fáis: Maidir le crainn i gclampaí, taispeánfaidh siad gnéithe moirfeolaíocha an-mhaith, go háirithe díríocht agus ciorclaíocht an ghais, nós brainsiúcháin fabhrach, méid beag na ngéag agus dea-sciotadh nádúrtha. Anuas air sin, beidh sciar na gcrann gabhlach agus iad siúd a léireoidh snáithe bíseach íseal. | 9. Foirm nó nós fáis: Maidir le crainn i gclampaí, taispeánfaidh siad gnéithe moirfeolaíocha an-mhaith, ***más ábhartha le haghaidh úsáid tráchtála, agus*** díríocht agus ciorclaíocht an ghais, nós brainsiúcháin fabhrach, méid beag na ngéag agus dea-sciotadh nádúrtha ***á gcur i gcuntas***. Anuas air sin, beidh sciar na gcrann gabhlach agus iad siúd a léireoidh snáithe bíseach íseal. |

Or. en